

Coláiste de hÍde



Meas - Bród - Comhar

Bóthar Chaisleán Thigh Motháin, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.

Fón 01 4513984 Facs 01 4527075 R-phost: eolas@colaistedehide.ie

Suíomh Idirlín www.colaistedehide.ie

Polasaí ar Mhí-úsáid Substaintí

1. Ráiteas Misin agus Raon Feidhme an Pholasaí

Tá sé mar aidhm againn i gColáiste de hÍde an bóthar a réiteach do gach aon dalta a lánacmhainn a bhaint amach le héascaíocht, go hintleachtúil, go fisiciúil, go spioradálta, go cultúrtha, go sóisialta agus go mothálach tré mheán na Gaeilge. Déantar iarracht ar leith ins an scoil féiniomhá dearfach a chothú i ngach aon duine, maille le meas a chothú iontu do gach duine, dá dtimpeallacht agus dá bpobal.

Baineann an polasaí seo le daltaí agus le baill foirne Choláiste de hÍde, agus, nuair is féidir, le tuismitheoirí/caomhnóirí agus le cuairteoirí.

- Cuireann Coláiste de hÍde cosc dian ar shealbhú, ar úsáid, ar sholáthar nó ar dháileadh mídhleathach drugaí agus tuaslagóirí ag daltaí agus ag baill foirne. D'fhéadfaí gníomh smachtaithe a thabhairt do dhaltaí a sháraíonn an polasaí seo, díbirt san áireamh.
- Tá sé mídhleathach tobac a chaitheamh nó vápáil laistigh d'fhoirgnimh na scoile. Tá cosc dian ar chaitheamh tobac nó vápáil áit ar bith ar thalamh na scoile freisin.
- Tá an scoil tiomanta do shláinte, sábháilteacht agus folláine gach ball de phobal na scoile agus glacfaidh sí gníomh réasúnta chun an fholláine sin a chosaint.
- Aithnímid an ról tréadach atá againn maidir le tacú le daoine óga agus spreagfaimid daltaí a dteastaíonn tacaíocht uathu teacht chun cinn. Is cuid riachtanach d'Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) gach scoláire é an t-oideachas substaintí.

Tá ról lárnach ag tuismitheoirí/caomhnóirí in oideachas maidir le húsáid substaintí. Tá an scoil tiomanta iad a choinneáil ar an eolas agus a bheith rannpháirteach. Tá cumarsáid chomhoibríoch ríthábhachtach chun an polasaí seo a chur i bhfeidhm go rathúil.

2. Sainmhínte

Drugaí: aon cheimiceán a d'fhéadfadh feidhmiú fisiciúil, meabhrach nó mothúchánach a athrú. Áirítear leis seo substaintí mídhleathacha, cógaisíocht dhleathach a úsáidtear go míchuí, alcól, nicitín agus tuaslagóirí.

Mí-úsáid Substaintí: úsáid aon druga (dleathach nó mídhleathach) ar bhealach a dhéanann dochar do shláinte, folláine mhothúchánach, caidrimh, oideachas nó feidhmiú an úsáideora.

3. Aidhmeanna Oideachais

Tá féinmheas agus folláine mar bhonn agus taca lenár Ráiteas Misin i gColáiste de hÍde. Is lú an seans go mbeidh daoine óga a bhfuil tacaíochtaí láidre acu laistigh agus lasmuigh den scoil ag brath ar shubstaintí. Tá sé mar aidhm ag an bhfoireann tacú le daltaí maidir le mí-úsáid substaintí leis na haidhmeanna oideachais seo a leanas:

- Eolas agus scileanna a thabhairt do dhaltaí chun roghanna sláintiúla agus eolasacha a dhéanamh agus brú piaraí a sheasamh.
- Faisnéis chruinn atá oiriúnach d'aois a sholáthar faoi shubstaintí agus a n-éifeachtaí.
- Tuiscint a mhéadú ar na hiarmhairtí agus na rioscaí a bhaineann le mí-úsáid.
- Spreag ionbhá do dhaoine a bhfuil saincheisteanna substaintí acu agus spreag iompar gur ceart cabhair a lorg cabhrach ina measc.
- Cur ar chumas daoine óga foinsí tacaíochta a aithint laistigh den scoil agus sa phobal.

4. Cur chun feidhme

Déanaimid iarracht an polasaí seo a chur i bhfeidhm trí:

- Curaclam OSPS i ngach bliainghrúpa le hoideachas substaintí atá oiriúnach d'aois.
- Clár gníomhach tréadchúraim sa rang Folláine i ngach bliainghrúpa.
- Seisiúin eolais ag gníomhaireachtaí seachtracha do dhaltaí, do bhaill foirne agus do thuismitheoirí nuair is cuí.
- Comhpháirtíocht le seirbhísí áitiúla agus reachtúla chun tacaíochtaí cothrom le dáta a chur ar fáil.
- Béim ar shláinte fhisiciúil, mhothúchánach agus mheabhrach laistigh den churaclam agus taobh amuigh de.

5. Nósanna Imeachta le haghaidh Teagmhais

5.1 Seilbh amhrasta

Tugtar an dalta chuig an bPríomhoide agus/nó chuig an bPríomhoide Tánaisteach. Tugtar breac-chuntas ar an líomhain don dhalta, agus déantar teagmháil leis na tuismitheoirí. Déantar maoirseacht ar an dalta go dtí go dtagann an tuismitheoir. Mura bhfuil tuismitheoir ar fáil, déantar teagmháil le goal leo. Má dheimhnítear seilbh, téigh ar aghaidh chuig an nós imeachta 'Seilbh Dheimhnithe' ag 5.2.

5.2 Seilbh Dheimhnithe

Déantar an tsubstaint a thógáil go sábháilte agus a stóráil/a dhiúscairt - is féidir teagmháil a dhéanamh leis na Gardaí ag an bpointe seo. Cuirtear na tuismitheoirí ar an eolas faoi na cúinsí agus na nósanna imeachta a bhaineann le seilbh. Is féidir an dalta a cheistiú le tuismitheoirí i láthair. Tugtar fionraí 3 lá ar a laghad don dalta, go dtí go ndéanann an coiste smachta athbhreithniú. Féadfaidh an coiste seo a bheith comhdhéanta den Phríomhoide, den Phríomhoide Tánaisteach, den Cheann Bliana cuí, den Múinteoir Ranga, den Treoirchomhairleoir agus ball foirne eile de réir mar is cuí. Tabharfar tascanna tacaíochta don dalta le linn na fionraíochta seo, mar shampla atreorú chuig seirbhísí tacaíochta seachtracha, dochtúirí teaghlaigh, Gardaí nó chun freastal ar threoirchomhairleoir na scoile de réir mar is cuí. Déantar an eachtra a thaifeadh agus a thuirisciú don Bhord Bainistíochta tríd an gcoiste smachta. Déanfaidh an Bord Bainistíochta cinneadh ansin agus cuirfidh sé tuismitheoirí ar an eolas faoin gcinneadh sin. Coinníonn tuismitheoirí ceart achomhairc a dhéanamh tríd an mBord Bainistíochta.

5.3 Dáileadh amhrasta

Ba chóir gach amhras a chur in iúl don Phríomhoide agus/nó don Phríomhoide Tánaisteach láithreach. Déanann an coiste smachta fiosrúchán ar an amhras. D'fhéadfadh teagmháil a bheith i gceist leis an bhfiosrúchán seo leis na Gardaí/ Oifigeach Idirchaidrimh Don Óige (JLO) /seirbhísí seachtracha/ daltaí eile agus a dtuismitheoirí. Déantar monatóireacht ar ghníomhaíochtaí an dalta. Is féidir fionraí 3 lá ar a laghad a thabhairt don dalta go dtí go ndéanann an coiste smachta tuairisc. Is ionann na céimeanna leantacha ansin agus 'Seilbh Dheimhnithe', féach 5.2 thuas.

5.4 Dalta faoi thionchar

Má tá dalta ag léiriú comharthaí mí-úsáide, tabhair tús áite dá shábháilteacht leighis agus lorg cúnamh leighis práinneach. Ó thaobh leighis agus sábháilteachta de, tá sé tábhachtach a fháil amach cad atá glactha ag an dalta ionas gur féidir an cinneadh ceart a dhéanamh agus nach nglacfar aon rioscaí. Nuair a bheidh an chontúirt leighis thart, níl an fhoireann *in loco parentis* a thuilleadh agus caithfear teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí chun freagracht fhisiciúil a ghlacadh. Déantar maoirseacht ar an dalta go dtí go dtagann an tuismitheoir. Mura bhfuil tuismitheoirí ar fáil, déan teagmháil leis na Gardaí. Lean an nós imeachta ‘Seilbh Dheimhnithe’ nuair a bhíonn riosca láithreach caite, féach 5.2 thuas.

6. Bealaí Atreoraithe Deonacha

Is féidir le dalta agus/nó a dtuismitheoirí cabhair a lorg go deonach. Tá gach atreorú tacúil, neamhphionósach, agus láimhseáiltear iad le rúndacht chuí.

Cineál A: Atreorú ó dhuine imníoch, e.g. Tuismitheoir, gaol, múinteoir, dalta eile - Ba chóir an imní a chur in iúl don Fhoireann Tacaíochta Scoláirí trí bhainistíocht na scoile nó tríd an Treoirchomhairleoir. Ba chóir an dalta a spreagadh agus tacú leo chun bualadh leis an Treoirchomhairleoir; d'fhéadfaí tacaíochtaí inmheánacha nó seachtracha a mholadh.

Cineál B: Féin-atreorú – Éistfidh an múinteoir a ndeachaigh siad i dteagmháil leo chun cabhair a fháil leis an dalta. Níor chóir don mhúinteoir rúndacht a gheallúint mar go gcuirfidh siad an dalta ar aghaidh chuig an bhFoireann Tacaíochta Scoláirí gan mhoill. Buailfidh an Treoirchomhairleoir leis an dalta; d'fhéadfaí tacaíochtaí inmheánacha nó seachtracha a mholadh ag brath ar na cúinsí.

7. Seirbhísí Atreoraithe agus Tacaíochta i dTamhlacht / Baile Átha Cliath Thiar Theas

Líne Chabhreach Dhrugaí agus Alcóil FSS (HSE) – 1800 459 459

Seirbhís Drugaí agus Alcóil don Óige FSS (HSE) – 01 921 4978

Seirbhísí Andúile FSS (HSE) Thamhlachta – 01 921 4950

Foireann Drugaí Pobail Thamhlachta – 01 451 3894

Tascfhórsa Dhrugaí agus Alcóil Thamhlachta – 01 464 9303

Tionscadal Freagartha Pobail Naomh Doiminic – Tacaíocht áitiúil comhairleoireachta agus téarnaimh

Jobstown Assisting Drug Dependency (JADD) – Tacaíocht teaghlaigh agus andúile

Tionscadal Tacaíochta Andúile Thamhlachta (TASP) – Tacaíocht Andúile Pobail

An Clár Freagartha Andúile Pobail (CARP) – Comhairleoireacht agus tacaíocht teaghlaigh

Alcólaigh Gan Ainm – 01 842 0700

Narcotics Anonymous – 01 672 8000

Al-Anon Family Support – 01 873 2699

Samaritans – 116 123

Pieta – 1800 247 247 nó seol HELP chuig 51444

8. Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo agus déanfar é a nuashonrú i gcomhréir leis an dea-chleachtas, leis an reachtaíocht, le treoir FSS (HSE) agus le tacaíochtaí pobail cuí.